Cúnant na Méaraí
don Aeráid agus
d'Fhuinneamh
EORAIP

# Cúnant na Méaraí – An Eoraip ag COP26

## Tuarascálacha gairide

**Logánú NDCanna: conas is féidir linn gníomhaíocht ar scála a chistiú agus a chur chun feidhme?**

Rinne Rúnaíocht Dhomhanda Chúnant na Méaraí agus Cúnant na Méaraí – Oifig na hEorpa, comh-eagrú ar an ócáid thánaisteach seo, agus thug siad saineolaithe ardleibhéil le chéile chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi le gníomhaíocht ar scála a chistiú agus a chur chun feidhme.

Le linn an tseisiúin, d'athdhearbhaigh cainteoirí an tábhacht a bhaineann le rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta, agus léirigh siad an tábhacht straitéiseach, an inoibritheacht agus an tionchar áitiúil a bhaineann le cleachtadh den sórt sin a dhéanamh. Cuireadh i láthair Tuarascáil maidir le Comhiomlánú Domhanda, 2021 de chuid Chúnant Domhanda na Méaraí le linn an tseisiúin freisin, agus súil chun cinn go dtí an chéad bhliain eile de ghníomhaíochtaí an Chúnaint.

Liviu Stirbat, Leas-Cheann Aonaid um Oiriúnú, Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin Eorpaigh um Ghníomhú ar son na hAeráide (AS CLIMA): *"B'oscailt súl cheart a bhí sa Tuarascáil maidir le [Comhiomlánú Domhanda]. Is ionann an líon carnach laghduithe a dhéanann na sínitheoirí agus 16 billiún gluaisteán a bhaint den bhóthar ar feadh bliana – i ndeireadh thiar thall, is iad cathracha a chuireann cuid mhór de NDCanna ar fáil."*

**Físeán: https://youtu.be/wbLKG7oM7eo**

Labhair Sharon Dijksma, Méara Utrecht, Massamba Thioye, ó UNFCCC, Giulia Macagno ón mBanc Eorpach Infheistíochta, Liviu Stirbat, AS CLIMA agus Ryuzo Sugymoto ó Aireacht Comhshaoil na Seapáine ag an seisiún, agus ba é Giorgia Rambelli ó Chúnant na Méaraí – an Eoraip a rinne modhnóireacht air.

## Rásaíocht go 1.5°: Beartais aeráide agus fuinnimh bunaithe ar fhianaise á bpríomhshruthú ag cathracha san Eoraip agus i réigiún na Meánmhara

Ag an seisiún seo, tugadh le chéile cathracha agus saineolaithe ó réigiún na Meánmhara, agus tugadh aird ar na gníomhaíochtaí a rinneadh, ar na riachtanais agus ar na mianta atá ag bardais na Meánmhara maidir le beartais aeráide agus fuinnimh a théann i ngleic leis an athrú aeráide. Bhí an plé dírithe go mór ar ghníomhaíochtaí beartais atá bunaithe ar fhianaise agus ar eolaíocht.

Rud an-spéisiúil ná, ó tháinig deireadh leis an seisiún agus mar thoradh díreach ar an imeacht, go bhfuil na heagraíochtaí rannpháirteacha ag leanúint de bheith i dteagmháil lena chéile agus súil acu an comhar a chur chun cinn.

Paolo Micheli, Méara Segrate: *"Agus aghaidh á tabhairt ar éigeandálaí aeráide, tá an pholaitíocht mall chun freagraí a thabhairt. Ba cheart é sin a athrú a luaithe is féidir. Is iad beartais ar an leibhéal áitiúil atá ag teastáil chun dul i ngleic leis na héigeandálaí go héifeachtach. Tá sé in am a bheith misniúil!"*

**Físeán: https://youtu.be/_o3rN89qsu4**

Rinne Rúnaíocht Dhomhanda Chúnant na Méaraí agus Cúnant na Méaraí – Oifig na hEorpa, an seisiún seo a eagrú in éineacht le tionscadal Clima-MED, mol ENI CBC Med do chomhar sa Mheánmhuir, agus Cathair Segrate (an Iodáil). Ba é Andy Deacon, Cúnant Domhanda na Méaraí, a rinne modhnóireacht ar an seisiún, agus labhair Paolo Bertoldi, Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh, Henrike Trautmann, Beartas Comharsanachta na hEorpa agus Caibidlíocht maidir le Méadú de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, Paolo Micheli, Cathair Segrate, Joana De Balsemao, Cathair Cascais, Sorina Mortada, Ionad na Liobáine um Chaomhnú Fuinnimh, Silvia Assalini, Cúnant na Méaraí – an Eoraip, agus Naguib Amin, Clima-MED.

Cúnant na Méaraí
don Aeráid agus
d'Fhuinneamh
EORAIP

## Leas a bhaint as comhthionscnaimh chun sprioc 2050 na hEorpa maidir le haeráidneodracht a bhaint amach

Cúnant na Méaraí – an Eoraip a d'eagraigh an ócáid thánaisteach seo i gcomhar leis an gComhghuaillíocht Aeráide agus ICLEI Europe, agus fiosraíodh ann conas a chabhraíonn 'comhthionscnaimh' ilchineálacha le cathracha agus le rialtais áitiúla an aeráidneodracht a bhaint amach.

Pléadh sa seisiún conas is féidir le cathracha dul chun cinn a dhéanamh i dtreo aeráidneodracht a bhaint amach trí thionscnaimh mhisniúla ón mbun aníos. Ina theannta sin, phléigh na cainteoirí a thábhachtaí atá sé na gníomhaíochtaí misniúla sin a phlé agus obair a dhéanamh orthu in éineacht le piaraí – lena n-áirítear, mar shampla, trí Chúnant na Méaraí. Labhair na cainteoirí faoina gcuid oibre i réimsí na réiteach nádúrbhunaithe, an rabharta athchóiriúcháin, na cathracha córa inbhuanaithe, agus fís 2050 de Chúnant na Méaraí d'Eoraip níos cothroime atá neodrach ó thaobh na haeráide de. Le linn an tseisiúin, léirigh cainteoirí conas a théann tiomantais na mbardas i gcion ar fholláine na saoránach sa lá atá inniu ann agus sa todhchaí, trí phobail atá níos cothroime agus níos seasmhaí ó thaobh na haeráide de a chruthú.

Gillian Dick, Glaschú, an Ríocht Aontaithe: *"Tá sé tábhachtach foghlaim ó dhaoine eile agus a aithint gurb ionann do chuid fadhbanna agus na fadhbanna atá ag go leor cathracha eile ar fud an domhain. Tacaíonn sé seo go mór le réitigh a chur ar bun."*

Tom Meeuws, Antuairp na Beilge: *"A bhuí le Cúnant na Méaraí, d'éirigh le Cathair Antuairp a spriocanna aeráide a bhaint amach in 2020!"*

**Físeán:** **https://youtu.be/82camHJQmMk**

Rinne Eero Ailio ó Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh sa Choimisiún Eorpach modhnóireacht ar an ócáid, agus rinne Adrienne Kotler ó Chúnant na Méaraí – an Eoraip modhnóireacht theicniúil uirthi, agus bhí Tom Meeuws, Leas-Mhéara Chathair Antuairp; Gillian Dick, Comhairle Cathrach Ghlaschú; Yann Françoise, Cathair Pháras; agus Allen Colbien, Méara Chathair Brasov páirteach i bplé comhchéime.